**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**


**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161 BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**








Deoise na Gaillimhe
Oilithreacht na bliana go dtí Cnoc Mhuire
**Dé Domhnaigh 17ú Bealtaine**
**Bus ón :**
**Ard Eaglais**
Gaillimh 11.00 r.n. ar ais ag fágáil
Cnoc Mhuire: 5.15 i.n.

Tuille Eolas: 087 2048497 nó 087 7573944
knockgkk@gmail.com



**Oilithreacht na Deoise go Lourdes**
**29 Meitheamh 2026**

Féach **Clár na bhFógraí.**
Óstán €995 pps.
Airithintí/Eolas: Joe Walsh Tours,
Fón:01-2410800

**Foirmeacha ar fáil Oifig an Pharóiste**



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach @ 6.00i.n.**

**Aireacht Catechist agus Ord an Diaconachta Bhuan.**
Má airíonn tú go nglaofar ort Íosa a leanacht mar shagart deoiseach in aon cheann de na deoisí, gabh i dteagmháil leis an Athair Hugh Clifford, Ríomhphost: catechistsdeacons@clonfertgalway.ie Nó 091637154, roimh 31 Bealtaine 2026


## 50/50
## Scoil Éinne

Beidh teacht le chéile agus tarraingt deireadh an 50/50
**i Halla Scoil Éinne**
**Dé Domhnaigh 17/05/2026**
**Tar éis aifreann 11.00 r.n.**
Le clabhsúr a chuir leis an mbailiúchán.

**Fáilte Roimh Cách**

**FÓGRA**

Beidh Oifig an Paróiste dúnta Dé hAoine 22/05/2026



# Paróiste An Spidéil
## Deasgabháil Ár dTiarna
16ú/17ú Bealtaine 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

### ✠ Cill Éinde, An Spidéal

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 17ú | 11.00r.n. | Maureen Mc Intyhre **Aifreann Chinn Mhíosa** *Baile Éamoinn*<br>Taimín (Dan) Ó Droighneáin **Aifreann Chinn Mhíosa** *Spidéal*<br>Peig Bn Uí Fhátharta *Liopa*<br>Máirtín O Conaire *Liopa*<br>Muintir Uí Fhlátharta & Éanna Ó Flátharta a fuair bás le gairid *Spidéal/Baile Átha Cliath* |
| Dé Céadaoin | 20ú | 10.00r.n. | |
| Déardaoin | 21ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* |
| Dé hAoine | 22ú | 10.00r.n. | |
| Dé Domhnaigh | 24ú | 11:00r.n. | Jimmy Costello **Aifreann Chinn Mhíosa** *Doire Lúnaí*<br>Beachla Ó Cualáin, a bhean Nóra, iníon Peig & mac Mike *Minna*<br>Peter Concannon **Cuimhneachán Breithlá** *Norwood* |

### ✠ Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Sathairn | 16ú | 6.30i.n.. | Muintir Uí Neachtain, Beartla Ó Neachtain, a bhean Ellen, mac Cuimin, Michael & Pádraic, iníonacha Barbra, Máire, Catherine Colm Breathnach & Jack Holland, Pat Breathnach & muintir Breathnach, muintir Dillon agus muintir Bohan. *Ros a'Mhíl* |
| Dé Sathairn | 23ú | 6:30i.n. | Michael & Baba Ó Donnchú & garmhac Micheál *Na Doireadh* |

### ✠ Cill Mhuire, Na Minna

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 17ú | 9:30am | |
| Dé Domhnaigh | 24ú | 9:30am | Beachla & Nora Ó Cualáin, mac Mike agus iníon Peig *Minna*<br>Peter Concannon *Florida/Boston* |

**Loinneog don Iontróid** – Gn 1:11
A fheara na Gailíle, tuige a seasann sibh ag amharc suas ar neamh? An tÍosa seo a tógadh suas uaibh, is amhlaidh a thiocfaidh sé, mar a chonaic sibh é ag dul suas ar neamh. Alleluia.

**Gníomh Aithrí**
A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.
**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,**
**agus daoibhse a bhráithre,**
**gur pheacaigh mé go trom,**
**le smaoineamh agus le briathar,**
**le gníomh agus le faillí,**
**trí mo choir féin, trí mo choir féin,**
**trí mo mhórchoir féin.**
**Ar an ábhar sin,**
**impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,**
**ar na hAingil agus ar na Naoimh,**
**agus oraibhse, a bhráithre,**
**guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**
Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire….. A Thiarna …...

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia uilechumhachtaigh, cuir gliondar ar ár gcroí le háthas naofa, agus le haoibhneas an bhuíochais bhúidh a ghabhaimid leat. Is céim suas dúinne deascabháil Chríost do Mhic; mar a ndeachaigh an ceann glórmhar, tá cuireadh ag an gcorp freisin le barr dóchais. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as Gníomhartha na nAspal – 1:1-11*
Rinne mé an chéad trácht, a Theofalas ar an uile ní dár thosaigh Íosa a dhéanamh agus a theagasc go dtí an lá inar tógadh suas é, ar thabhairt aitheanta dó tríd an Spiorad Naomh do na haspail a thogh sé agus ar thaispeáin sé é féin beo dóibh i ndiaidh a pháise leis an iomad cruthú ar feadh daichead lá, á nochtadh féin dóibh, agus ag tagairt do ríocht Dé. Agus ag caitheamh bia dó ina gcuideachta, thug sé ordú dóibh gan corraí ó Iarúsailéim ach fuireach le gealltanas a Athar, 'a chuala sibh,' ar sé, 'ó mo bhéalsa. Óir bhaist Eoin go dearfa le huisce, ach baistfear sibhse leis an Spiorad Naomh i gceann beagán laethanta uaidh seo.'
Ar an ábhar sin, d'fhiafraigh siadsan a bhí cruinnithe le chéile de, ag rá: 'A Thiarna, an ndéanfaidh tú, an t-am seo, ríocht Isráél a chur ar bun arís?' Ach dúirt seisean leo: 'Ní faoi bhur gcoinnese atá sé eolas a bheith agaibh ar na hamanna ná ar na tráthanna a chuir an tAthair ina chumhacht féin. Ach gheobhaidh sibh cumhacht an Spioraid Naoimh a thiocfaidh oraibh, agus beidh sibh ina bhur bhfinnéithe domsa i Iarúsailéim agus i Iúdáia go hiomlán, agus sa tSamáir, agus fiú go críocha imigéiniúla an domhain.'
Agus nuair a dúirt sé na nithe sin, agus iad ag faire, tógadh suas é; agus rug néal amach as a n-amharc é. Agus le linn dóibh a bheith ag amharc air ag dul suas ar neamh, féach, sheas beirt fhear in éadaí geala in aice leo, agus dúirt siad leo: 'A fheara na Gailíle, tuige a seasann sibh ag amharc suas ar neamh? An tÍosa seo a tógadh suas ar neamh uaibh, is amhlaidh a thiocfaidh sé, mar a chonaic sibh é ag dul suas ar neamh.' *Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 46

*Fr: Gabhann Dia in airde le gártha molta;*
*gabhann sé in airde le séideadh an stoic.*

1. Buailigí bhur mbosa, a chiníocha uile,
gairdígí do Dhia le teann lúcháire!
Óir is ard é an Tiarna agus is uamhnach,
ina ardrí os cionn na cruinne. *(Fr)*

2. Gabhann Dia in airde le gártha molta;
gabhann sé in airde le séideadh an stoic.
Seinntear ceol dár nDia; seinntear ceol dó!
Seinntear ceol dár rí; seinntear ceol dó! *(Fr)*

3. Is é Dia rí na cruinne go léir.
Seinnigí agus canaigí ar bhur ndícheall dó!
Tá Dia ina rí ar na náisiúin;
tá sé ina shuí ar a chathaoir naofa. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as litir N. Pól chuig na hEifísigh – 1:17-23*
A bhráithre, impím ar Athair na glóire, ar Dhia ár dTiarna Íosa Críost, spiorad na heagna agus na tuisceana a bhronnadh oraibh chun go gcuirfeadh sibh eolas air go cruinn. Go n-osclaí sé súile na haigne daoibh chun go dtuigfeadh sibh cad é mar údar dóchais atá sa ghairm a fuair sibh ó Dhia; agus cad é mar shaibhreas atá le fáil mar oidhreacht ghlórmhar uaidh ag a phobal naofa; agus cad é mar chumhacht as cuimse atá ag obair aige ionainne, creidmhigh. Is í an chumhacht éachtach chéanna í a chuir sé ag obair i gCríost nuair a thóg sé ó mhairbh é agus chuir ina shuí ar a dheis féin sna flaithis é, go hard os cionn gach uile cheannas agus údarás agus cumhacht agus tiarnas agus os cionn gach teideal eile dár féidir a lua, ní amháin sa saol seo, ach fós sa saol atá le teacht. Chuir sé gach ní faoina smacht agus cheap ina ardcheann ar an Eaglais é. Is í an Eaglais a chorp mar gurb í láine an té úd a líonann gach ní go hiomlán í.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
'Imígí, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile,' a deir an Tiarna. 'Táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil.'
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Matha 28:16-20*
*Deireadh an tSoiscéil naofa de réir N. Matha.*
D'imigh an t-aon deisceabal déag leo go dtí an Ghailíl, go dtí an sliabh a cheap Íosa mar ionad coinne dóibh, agus ar a fheiceáil dóibh d'umhlaíodar dó, ach go raibh amhras ar chuid acu. Tháinig Íosa chucu agus labhair sé leo: 'Tá gach údarás tugtha domsa ar neamh agus ar talamh. Imígí dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil. Agus féach táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil.'
*Soiscéal an Tiarna.* **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

**Os Cionn na nOfrálacha**
Ofrálaimid an íobairt seo go humhal duit, a Thiarna, in onóir dheascabháil naofa do Mhic; deonaigh, impímid ort, go n-ardófar ár n-aigne chun na bhflaitheas de thoradh an chaidrimh bheannaithe seo. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

.

**Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.**

**Iarchomaoineach**
A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí, ceadaíonn tú don mhuintir atá ar talamh na sacraimintí diaga a láimhseáil: deonaigh, impímid ort, go mbeidh dúthracht ár ndeabhóide Críostaí dár dtarraingt chugatsa mar a bhfuil ár bhfíormhaoin. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**
Imígí faoi shíochán ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**